

Dáta	Leibhéal ranga Rang a hAon agus Rang a Dó	Ábhar Ceol
<b>Snáithe</b> Éisteacht agus Freagairt	<b>Snáithaonad</b> Éisteacht le Ceol agus Freagairt dó.	
<b>Teideal</b> Éisteacht le Ceol an Aigéin.		
<b>Cuspóir(i)</b> Is é aidhm an phlean ceachta ná go gcuirfear ar chumas na leanaí éisteacht le gearrphíosa neamhchoitianta ceoil nó le sleachta as píosa cumadóireachta.		
<b>Scileanna atá Riachtanach</b> Éisteacht, dianmhachnamh.		
<p><b>Cuspóirí foghlama</b></p> <p>Ba chóir go gcuirfí ar chumas an linbh:</p> <p>Dul i mbun éisteacht dhírithe le dhá phársa ceoil nó le dhá shliocht ceoil atá i gcodarsnacht le chéile e.g. (1) Debussy: - La Mer (2) Ó Riada :- Port na bPúcaí.</p> <p>Díriú ar leibhéil éagsúla dinimice laistigh den cheol.</p> <p>Labhairt faoi na píosaí ceoil, agus na cinn is fearr leo á lua acu.</p> <p>Tuiscint a bheith acu ar choincheapa amhail: cuisle (buille cothrom); ré (fada / gearr, patrúin, rím); luas (tapa / mall), tuinairde (ard / íseal); dinimic (glórach / bog); comhdhéanamh (mar an gcéanna / difriúil); uigeacht (fuaim amháin / roinnt fuaimeanna); stíl.</p>	<p><b>Gníomhaíochtaí foghlama</b></p> <p><b>Éisteacht agus Freagairt:</b> Tar éis dóibh dul i mbun éisteacht dhírithe le píosa ceoil, ba chóir go dtabharfaí deis do na leanaí tuairimí agus freagairtí a chur in iúl. Ba chóir go dtabharfaí spreagadh dóibh a gcuid tuairimí a chomhroinnt e.g. tá an píosa ceoil seo corraitheach, brónach, beoga- cuireann sé áthas, eagla, meadhrán orm, cuireann sé ... i gcumhne dom</p> <p>Ba cheart do na leanaí idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna ag leibhéil éagsúla dinimice (glórach agus bog, ag éirí níos glóraí agus ag éirí níos boige) etc.</p> <p><b>Smaoineamh/obair i mbeirteanna/comhroinnt:</b> Molfaidh na leanaí ainm ar gach píosa agus tabharfaidh siad údar leis an rogha sin. Scríobhfar moltaí na leanaí ar an gclár bán agus comhroinnfear iad leis an rang ar fad</p> <p><b>Acmhainní</b> Sleachta de cheol:</p>	

	Debussy “La Mer” Ó Riada “Port na bPúcaí”
<p><b>Difreáil</b> Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Ceisteanna ardoird agus ísealoird.</p>	
<p><b>Measúnú</b> Aiseolas ó bhéal ó leanaí, breathnú ag an múinteoir, samplaí d’fheidhmíocht na ndaltaí.</p>	
<p><b>Nascadh agus Comhtháthú</b> Béarla: Obair focal; focail ríme. Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi fhocail a dhéanann rím leis na focail a d’úsáid siad chun cur síos ar an gceol. Sampla: loud/ proud. Eolaíocht: Iarr ar na daltaí a lua cad iad na dálaí aimsire a chruthaíonn farraigí stoirmeacha. Ealaín: Iarr ar na daltaí a gcuid freagairtí don cheol a léiriú trí líníocht nó trí phéinteáil.</p>	